

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	D16
Ainm an Agalláí	Éamonn (an Táilliúra) Mac Giolla Bhríde
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	18/8/2007
Suíomh an Agallaimh	Cionn na Leargaí, Na Dúnaibh
Ainm an Tras-scríbhneora	Gráinne Ní Eireamhóin
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

`_____`

`_____+`

....

[]

Tús bréige

Focal dothuigthe

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

Beirt ag caint ag an am amháin

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: *Right*, sin é. Tá muid ar shiúl.**ÉAMONN:** Mmh.

DÓNALL: Anois, tá mé ar Na Dúnaibh, ***Ceann a Largaídh(?)*** agus tá mé a dhul/ag gabháil a thógáil scéalta Éamonn `_____`, Éamonn an táilliúra. Éamonn Mac Giolla Bhríde. Bhuel Éamonn, creidim go dtosódh muid agus tú i do stócadh óg ag éirí aníos anseo, cad é mar a bhí rudaí?

ÉAMONN: *Yeah*.**DÓNALL:** Nuair a d'fhág tú an scoil, chuaigh tú...

ÉAMONN: Chuaigh mé, chuaigh mé bliain na coláiste in Leitir Ceanainn. Agus, *eh*. Cha rinne mé ach(?) na bliain agus bhí mo athair ag togáil teach úr san am sin agus cha raibh mé an obair fán inse `_____+` t'am. *So, eh...* Thug mé cuidiú daofa ag togáil an teach. *Em*. Bhí mé ansin nuair a bhí siad ag quartú ar an tigh. Agus go dtí go rinne sé críochnaithe. Agus thart fán am sin ansin, *eh*, chuaigh mé, chaith mé, chuaigh mé go dtí `_____` ***Rosapena***. `_____` na *golf links* fá choinne bliain. *So*, bhí sin, bhí sin deas.

DÓNALL: D'fhágfaí/D'fhágtaí amuigh ag obair faoin aer.

ÉAMONN: Amuigh, amuigh faoin aer. Em, ag gearradh féar agus rudaí den tsórt sin '____+'.

DÓNALL: Agus chuaigh tú ansin síos go, go McNutts an b'é sin?

ÉAMONN: Ansin, *McNutts* ansin, fuair mé sin, *eh...* Fuair mé isteach go *McNutts* in 1956. *Eh* bhí siadsan '____' creidim ag gabháil ar aghaidh ceithre bliana san am sin agus *Jesus/Jaysus* tá siad ag éirí gnóthach. *Eh*, bhí thart fán am creidim go mbeadh seachtó nó ochtó daoine ag obair ann ansin. Agus, *eh*, bhí siad ag cur isteach seolta úra agus rudaí den tsórt sin. So thosaigh mise ag an, ag an '____'. Agus déanamh?). Rud a rinne mé...

DÓNALL: Agus déarann, déarann tú traidhfil traenála ansin nó cad é?

ÉAMONN: Bhuel, *eh*. '____' an, fríd achan rudaí a dhul do, do sin roimhe céile agus bhí seisean ag gabháil ar sheol agus chaith sé lá liom, *eh*, taispeáint ar cad é a bhí sé ag déanamh. So bhí mé muid féin i ndiaidh sin. Sin, sin an traenáil (gáire).

DÓNALL: Sin, sin do chuid traenáil.

ÉAMONN: Sea.

DÓNALL: Amharc do dhiaidh féin.

ÉAMONN: Amharc do dhiaidh féin.

DÓNALL: Ach, *eh*. San am sin '____' pá a thosaigh tú leis é?

ÉAMONN: *Eh*, bhuel thosaigh mise de, in, i McNutt ar trí phunta sa tseachtain. *So* bhí sin, bhí sin '____' maith. Agus cha raibh, cha raibh sé i do tosach san am, *eh*,

deich`_____' punt air. Sin é, lu..., sin an phá a bhí sé chucu é. Bhí mise, fuair triúr in sa Rosapena, *so, eh...* Thug sé triúr domsa ansin. (Gáire).

DÓNALL: B'éigean dó!

ÉAMONN: *Eh*, b'éigean dó. Thosaigh achan duine eile éilithe `_____' triúr ansin fosta. Bhí an t-am ar gartha.

DÓNALL: Sin é. Bhuel do `_____+'

ÉAMONN: *Aye*. Bhí do phá mhaith *even`_____'*

DÓNALL: *Oh jeez.*

ÉAMONN: Trí phunt sa seachtain san am sin.

DÓNALL: Sa, sa bhaile fosta.

ÉAMONN: Sa bhaile. *Aye*.

DÓNALL: *Aye*.

ÉAMONN: Bhí é.

DÓNALL: Ach chaith tú tamall roimhe sin, chaith tú tamall ar an scoil in, i Leitir Ceanainn, Naomh Adhnáin(?).

ÉAMONN: Rinne. Bliain amháin. *Aye*.

DÓNALL: *Right.*

ÉAMONN: Cha raibh mórán dúil agam ann.

DÓNALL: Níor haghaidh tú leis, go deirtear?

ÉAMONN: Bhuel bhí, bhí, bhí mé ar shiúl ag leath i ndiaidh a seacht ar maidin, ar an bhus. Agus cha bhíonn abhaile go dtí go '_____' leath i ndiaidh a seacht tráthnóna. Agus ar shiúl ar ais an darna maidin '_____' sin. Bhuel, agus bhí an coláiste an t-am sin, bhí sí, bhí sí ag gabháil, *em*, cúig(iú) lá go leith. Bhí agat an bhfuil a fhios agat, Dé Sathairn é fosta.

DÓNALL: An raibh?

ÉAMONN: Bhí. Agus, *eh*, bheadh go dtí a dó dhéag anonn. *So, eh*, bhí muid ansin léir den am bheifeá ansin go dtí b'fhéidir a sé a chlog. Dé Sathairn a '_____' leis an bhus, *but, eh*, bheas muidne ar shiúl roimhe sin dá gheobhas/bhfaigheas mé/muid dóigh ar bith anuas.

DÓNALL: *Oh*, bheadh. Ar ghlactar(?) fanacht amuigh ann leis na '_____' fada sin, an bhfuil a fhios agat?

ÉAMONN: Eh?

DÓNALL: Ar ghlacfaí fanacht amuigh in Leitir Ceanainn '_____'?

ÉAMONN: Ara, ghlac. Bhuel bhí lear, bhí lear daoine, *em...* ag fanacht. *Boarders* a dear/déir siad an t-am sin.

DÓNALL: *Mmh, mmh.*

ÉAMONN: But *eh*, bhí *eh*, bhí sin costasach(?). *So* bhí mise istigh mar *dayboy* in '_____'. Bhíonn, bhíonn, bhíonn turas... *Ah* bhí, bhí níos mó ná mise ann. Bhí daoine eile ann fosta. *Ah*, bhí sé doiligh, *em*, am a fháil le, le rudaí a fháil déanta. An bhfuil ...

DÓNALL: Tá a fhios agam.

ÉAMONN: *Aye.*

DÓNALL: *So ansin in McNutts, chuaigh tú réidh agus chuaigh tú, chuaigh rudaí réidh go maith duit agus ...*

ÉAMONN: Rinne.

DÓNALL: Chuaigh tú suas céim.

ÉAMONN: *Oh, bhí mé (gáire) ag gabháil suas céim, aye. Bhí mé '_____'.*

DÓNALL: Bhí tú ag taisteal go Baile Átha Cliath, '_____' dúirt tú.

ÉAMONN: Bhí, bhí '_____', bhí veain agam. Bhuel bhí mé ag deanamh scrúdú na '_____' an t-am sin agus a '_____' réidh le cur ar shiúl agus achan '_____' den tsórt sin. Agus, *eh*, rachainn go Baile Átha Cliath leis an '_____' lear glanta. Agus ansin, *eh*, cad é a bhí glanta chuir tú ar ais. Agus, *eh*, bhí sin, bhí sin, bhí sin *alright* fosta. Bhí sé, bhí sé doiligh a shiúl cúpla lá sa tseachtain, an bhfuil a fhios agat?

DÓNALL: Bhuel bhí seo faoi, bhuel páirt de seo faoi Tiarna Liatroim agus tá scéalta go leor agaibh fán Tiarna. Bhí, bhí, bhí fear a bhí ag obair leat uair amháin ag inse scéal duit fá, fá troid a rinne an Tiarna le fear a bhí ag tógáil feamnaigh.

ÉAMONN: *Oh sea. Eh sin fear anuas as Charraig. Em, Ó Baoghail a bhí air. Eh, bhí sé, bhí sé ag tógáil feamnach ar, ar an Chladach agus em, tháinig Tiarna Liat..., Liatroim air, tháinig sé thart agus bhí cúpla fear leis agus chonaic sé é ag gabháil don fheamnach agus dúirt sé, dúirt sé "Bhéarfaidh mé, béarfaidh mé seans duit" a dúirt sé "troidfidh mé tú" a dúirt sé. Ach a dúirt sé "Má, má, má fhaighimse an*

bhuaigh ort, tá mé ag gabháil do bhádh". Agus dúirt sé "má gheobhainn tusa an bhuaigh ormsa thig leat an oiread feamnaigh a thabhairt leat agus is mian leat. *So, em*, thosaigh an troid de dhe agus, *em. Oh*, bhí, sílim deir siad go raibh sé ag dul ar aghaidh uair nó mar sin. Agus sa deireadh, fuair, *eh* fuair, fear Charraig, fuair sé é amach san fharraige agus chuir sé é síos faoin uisce. Lig sé aníos é agus chuir sé síos ar ais é agus dúirt an Tiarna leis "*oh*, sin go leor" a dúirt sé. Thig leat an feamnach a ghearradh. Thug sé a chuid fir leis agus d'ímigh sé. *So*, cha raibh buaireamh níos mó aige leis.

DÓNALL: Ní raibh. *So* ní raibh sé go holc amach an bhfuil a fhios agat?

ÉAMONN: *Oh* bhí, bhí sé, bhí sé, bhí sé *em* duine, bhí sé faireáilte go leor an dóigh sin an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Bhí insan troid sin.

ÉAMONN: Thiocfadh, thiocfadh leis, creidim, é a bhádh ar dhe ar bith dá mbeadh dúil aige.

DÓNALL: *Ah* sa chás an lá a maraíodh é, rinne, rinne daoine na háite i bhFánaid, rinne siad plean. Rinne siad luíochán a dhéanamh agus é a mharú. Bhí, bhí tú ag ráit go raibh sé fá choinne daoine, gur an comhrá, seanchas atá ann go raibh sé fá choinne daoine a chur amach as a gcuid talamh an lá sin.

ÉAMONN: Bhí, bhí sé, bhí sé ráite go b'é go raibh sé ag gabháil a chur na daoine ar an bhealach mhór uilig amach as a gcuid talamh agus '____+' Fánaid fosta. Go raibh sé ag gabháil, ag gabháil á gcur uilig amach agus ag gabháil a chur ainmní dubh air. Sin an rud a bhí siad ag ráit.

DÓNALL: Sin an seanchas atá ann.

ÉAMONN: Sea. Agus cibé, sin an gnoithe a bhí aige an lá sin. An b'é go, creidim go b'é go Leifear a bhí sé ar an bhealach. B'é sin an áit a bheadh an Chúirt, creidim.

DÓNALL: Creidim go b'é, *yeah*.

ÉAMONN: Agus, em. Mar, mar trí fhear in Fhánaid a bhí, *eh*, a toghadh fá choinne an jab a dhéanamh ar dhe ar bith.

DÓNALL: Bhuel tá a fhios agam *Herrity* a bhí ar dhuine acu, ach níl a fhios agam.

ÉAMONN: Sea agus McElwee, McElwee...

DÓNALL: McElwee, bhí.

ÉAMONN: Agus níl a fhios agam c'ainm a bhí ar an triú fear anois. Creidim go raibh a fhios agam ach rinne mé dearmad dó. An bhfuil...

DÓNALL: Is cuma.

ÉAMONN: Aye, sea. But, but táilliúr a bhí ann, *eh*, bhí ann. B'é, bhí, *Shiels* a bhí ar an fhear eile. Táilliúr, táilliúr rua.

DÓNALL: Sea, sin, sin é.

ÉAMONN: Sea, táilliúr rua. Sin é *aye*. Agus, *em*.

DÓNALL: Luigh siad istigh in sa choille.

ÉAMONN: Luigh siad istigh i gcoille, *yeah*. Bhuel cha, cha, cha raibh siad fhad le coille ná ceath... *Wood quarter* a bhéarfadh siad air. Ceathrún na coille.

DÓNALL: *Right*.

ÉAMONN: *Yeah* an taobh seo don, don choille agus tá, tá, tá '_____' beag in san áit anois. Tá, tá lag ann sa talamh.

DÓNALL: Mmh, mmh.

ÉAMONN: Agus, *eh*. B'é *eh*... istigh ansin é agus *eh*. Rinne siad, *eh*, bhuel scaoil siad leis. Bhí siad, scaoil siad leis. Dúirt sé cha, char mharaigh é. Mhar..., mharaigh, mharaigh an gunna an fear a bhí leis. *Eh, eh*. Bhí fear leis a bhí, an b'é Kincaid sílim a bhí air. Maraíodh eisean agus maraíodh gasúr beag ceithre bliana déag. Ach char mharaigh an gunna, char mharaigh sé Liatroim. Bhí, *eh*. Léim Liatroim don *cart* agus fuair sé greim ar an, ar, ar, ar an táilliúr rua agus bhí greim gruaige aige air. Agus sílim go b'é fear de na fir eile a tháinig thart ar a chúl ansin agus bhuailead siad é sa cheann leis an gunna. Sin an rud a mharaigh é.

DÓNALL: Sin an rud a mharaigh é.

ÉAMONN: Sea.

DÓNALL: Ach bhí an Tiarna Liatroim ag caitheamh veiste nach raibh?

ÉAMONN: Bhí sé ag caitheamh veiste iarainn. Bhí.

DÓNALL: Bhí. Veiste iarainn.

ÉAMONN: Sin an rud a shábháil eisean. *Eh, eh*. Fear láidir a bhí ann fosta. Dúir..., mar a dúirt siad. *Eh*. Bhuel fuair, ..., d'fhág, d'fhág, d'fhág, d'fhág siad ansin agus *eh*, d'fhág siad *butt* an ghunna ina ndiaidh. Agus *em*, de réir chosúlachta fuair siad píosa pháipéir istigh in sa, in sa gunna ná istigh sa...

DÓNALL: Stoic an ghunna.

ÉAMONN: Sa stoic an ghunna. Agus, *eh*. Bhí, bhí em, bhí ainm girseach bheag air thíos i bhFánaid agus ba athair an, sin athair an ghirseach sin a chóirigh an gunna.

DÓNALL: So bhí, bhí go leor ann le daoine a chiontú agus...

ÉAMONN: *Oh* bhí. *But* cha, cha raibh, cha raibh siad, *eh*. Tá mé ag déanamh nach raibh siad ag iarraidh aon duine a chiontú san am chéanna *but* beireadh ar, ar dhuine acu agus cuireadh é na phríosún. Agus tá, tá sé ráite go bhfuair sé bás insa phríosún. Ach, sin scéal a mhothaigh mise ná gur, gur dhúirt siad, gur dhúirt an sagart go raibh an, go raibh galar air, bhí. Níl a fhios agamsa cad é an galar a bhí ag gabháil san am, ach bhí an eagla chéanna ar achan duine fá dtaobh de agus cha rachadh na saighdiúirí a chorr. Agus dúirt an sagart go raibh sé marbh nó an dochtúir. *So*, chuir siad, chuir daoine é sa chónair é agus tugadh amach é agus nuair a fuair siad síos an bealach píosa, bhain siad...Tháinig *eh*, tháinig mo dhuine amach as an chónair agus chuir siad isteach clocha agus ba clocha a cuireadh. (Gáire).

DÓNALL: (Gáire). Sin scéal maith.

ÉAMONN: Sea. Anois, níl a fhios agam an bhfuil sin fíor nó nach bhfuil nó bhí sé ráite, bhí sé ráite san am an lá a cuireadh é, thíos ann, an b'é **MASSMOUNT**? sílim. Go raibh an bhean ina seasamh ag, ag an uaigne agus í ag caoineadh agus tháinig an sagart anuas agus *eh*, rinne se cogar isteach ina cluas agus thosaigh sí ag gáire. D'fhag sí an reilig.

DÓNALL: D'ínis an scéal di.

ÉAMONN: Cúpla lá, cúpla seachtain nó beirt ina dhiaidh sin d'imigh sise go Meiriceá agus a clann léi. *So*, bhí sise, bhí an fear i Meiriceá.

DÓNALL: Bhí sé ar shiúl go Meiriceá. Chuala mé i gcónaí gur imigh an fear go Meiriceá.

ÉAMONN: Sea. Bhuel sin, sin an dóigh a bhí sé sílim.

DÓNALL: Ar a sheachnadh .

ÉAMONN: Agus ar an dóigh sin chan fhuair siad aon duine.

DÓNALL: *No.* Ach i gcoille, i gcoille na **Creataigh?** an lá sin nuair a bhí siad ag fanacht leis. Na fir sin a bhí ag fanacht, triúr acu, chonaic siad fear eile.

6.15

ÉAMONN: Chua..., chuaigh fear ó, ó bealach, *eh*, Charraig Airt go, go Baile na nGallóglach. Agus bhí eagla ar an triúr a bhí ar chúl an **chlaidhe/chlaí** (?) go bhfacthas é iad.

DÓNALL: Mmh.

ÉAMONN: *So*, ar heagla lean fear acu é go Baile na nGallóglach go bhfeicfeadh siad, *eh*, an raibh sé ag gabháil *eh*, isteach ag na, ag na *police*.

DÓNALL: Ag spíodóireacht an b'é?

ÉAMONN: *Aye, aye. So, eh*, ar dhé ar bith, cha raibh, cha raibh, *em*, cha dear...caithfidh sé nach bhfaca sé a dhath? Ach rinne an bheirt eile nó b'fhéidir, b'fhéidir go raibh ceathrar ann, níl a fhios agam. Sílim gur b'é triúr a bhí ann, *but, eh*. I ndiaidh, i ndiaidh an rud a tharla ar dhé ar bith, chuaigh an bheirt eile, chuaigh siad ar ais go Fánaid i mbád. Agus, *eh*, fear seo mhothaigh sé iomrá gur maraíodh Liatroim sa choille. *So*, cha dheachaigh seisean ar ais go Fánaid. Chuaigh seisean leis go Tobar an Dúin. Agus ó Thobar an Dúin, chuaigh sé go Carraig agus ansin chuaigh sé trasna cúpla lá ina dhiaidh sin ar an, ar an bhád go Fánaid.

DÓNALL: (Gáire).

ÉAMONN: *So*, b'é sin triúr acu ar ais.

DÓNALL: Sin an triúr ar ais. *But* tá sé suimiúil nach bhfuil, dó..., an dóigh a... Tá tusa den bharúil nach rabhtar ag iarraidh daoine a chiontú as.

ÉAMONN: Tá mé ag déanamh nach, nach raibh. Go raibh, go raibh na, go raibh, go raibh na Sasann ná cibé cé a bhí i gceannas san am, go raibh siad tuirseach dó, do *Lord* Liatroim.

DÓNALL: *Yeah.*

ÉAMONN: Go raibh sé ag tógáil. Bhí sé, bhí sé ag tógáil buaireamh thíos, insa, thíos i gContae na Liatroma fosta.

DÓNALL: An raibh?

ÉAMONN: Bhí, agus *eh.*

DÓNALL: Ar an dóigh céanna?

ÉAMONN: Bhí siad, *eh*, bhí siad ag éirí rud beag tuirseach dó. *So* tá mé ag déanamh nach raibh mórán, *eh*, buaireamh orthu fá dtaobh de.

DÓNALL: Mmh. *But* níl a fhios agat ach, ach duine amháin, bhuel i dteach amháin a, *eh...* chuir *Lord* Liatroim, chuir sé amach na daoine as, dúirt tú Dún Duan an b'é?

ÉAMONN: Thíos fá Dún Duan sea. *Diver, Diver* a bhí orthu. Agus chuir siad...

DÓNALL: C'ainm a bhí orthu?

ÉAMONN: *Diver.*

DÓNALL: *Diver. Right.*

ÉAMONN: *Diver.* Agus chuaigh siadsan suas ansin go Machaire '_____'

DÓNALL: Carraig Airt.

ÉAMONN: *In Carraig Airt, aye.* Ar tao... bhuel ar taobh an Chraoslaigh de Charraig Airt. Agus, *eh*, bhí siad ag stopadh thuas ansin, *but...* Sílim go, go b'é Baoighill a bhí ann i ndiaidh sin... ar an, ar an Leacach nó rud in teacht go dtug siad, go dtug siad jab daofa.

DÓNALL: Thug sé jab dó.

ÉAMONN: *Aye* agus maraim gur ghlac siad an talamh, b'fhéidir uathu é. *So* b'fhéidir nach raibh, *eh* go b'é ar mhaithe leis féin a rinne siad é. (Gáire).

DÓNALL: Sea.

ÉAMONN: Cha bheadh a fhios agat.

DÓNALL: Ach ní bhfuair siad ar ais síos na bhaile?

ÉAMONN: *Oh* chan fhuair siad síos na bhaile.

DÓNALL: *No.* Fágadh i gCarraig Airt iad agus sin é.

ÉAMONN: Sea. Bhí, *em.* Bheadh, bheadh *eh*, bheadh an *Diver* sin, bheadh sé pósta ar bhean mhuinteartha domsa. Bhe... Den, de na Mac Giolla Bhríde as Ailt an Chorráin.

DÓNALL: Mmh, mmh.

ÉAMONN: *So* sin é, sin é, sin ar mhothaigh mise fá dtaobh de, *eh*, daoine a bhí curtha amach as a, as a n-áit.

DÓNALL: Agus, an bhfeiceann tú an táilliúr a bhí ann, Mac Giolla Bhríde.

ÉAMONN: Sea.

DÓNALL: Táilliúr Rua Mac Giolla Bhríde a bhí air, an é?

ÉAMONN: *Oh*, an Táilliúr Rua?

DÓNALL: Sea.

ÉAMONN: *Oh*, chan é. Mbei..., Sh, Sh, Shields a bhí ann ansin.

DÓNALL: Shields a bhí ann. Chím anois.

ÉAMONN: An Táilliúr Rua, sea. Cha raibh seisean muinteartha anois dúinne.

DÓNALL: *No*, ní raibh baint ar bith aige.

ÉAMONN: Aye, sin é sin i ndiaidh... mar atá ar mhothaigh tú iomrá ar John Dhonnchaidh Mhícheáil. Sin é táilliúr eile.

DÓNALL: Sea, sea.

ÉAMONN: Sin athair Phroinsie agus Jimí.

DÓNALL: Sea. Tá a fhios agam.

ÉAMONN: *Eh*, is é thall ag Mac Duibheannaigh a d'fhoghlaim John a cheird.

DÓNALL: A cheird, sea?

ÉAMONN: I bhFánaid.

DÓNALL: Chím anois.

ÉAMONN: Agus ansin sé uaidh John a d'fhoghlaim m'athairse a cheird.

DÓNALL: Mmh, mmh. (Gáire). Tá sin suimiúil, nach bhfuil?

ÉAMONN: *Aye. So sin an dóigh a, sin an dóigh a chuaigh an rud...*

DÓNALL: Tá sin go maith.